

Aonad 10 – Ceacht 8



Ceartha Tomhaltóirí

Rólghlacadh



Gearán Harry

Cheannaigh Harry péire cluasán ar ardchaighdeán an tseachtain seo caite – bhí sé ag sábháil airgid ina leith le fada. Nuair a chuaigh sé abhaile chun triail a bhaint astu, thug sé faoi deara nach raibh an fhuaim go maith in aon chor. Chuaigh sé ar ais go dtí an siopa lena dheirfiúr Helen. Bhí admháil aige agus d’inis sé an fhadhb don chúntóir sa siopa agus ansin don úinéir. Ní raibh mórán le rá ag an gcúntóir, mar is cosúil nár thuig sé cad is ceart a dhéanamh – ach dúirt an t-úinéir go mbeadh ar Harry dul i dteagmháil leis an déantóir, mar gurbh iad a bhí freagrach as an bhfadhb a réiteach agus ní an siopa.

Níl Harry sásta leis seo.

Déan rólghlacadh ar an gcomhrá idir Harry (agus a dheirfiúr) le cúntóir agus úinéir an tsiopa.

Gearán Chiara

Cheannaigh Ciara cócaireán le déanaí ach stop sé ag feidhmiú mar is ceart tar éis dhá mhí – níl sé ag téamh mar is ceart. Tá ráthaíocht bhliana aici. Chuaigh sí i dteagmháil leis an siopa inar cheannaigh sí é agus chuir siad fear deisiúcháin amach chuici a dúirt léi go raibh seans go raibh fadhb leis an eilimint agus go ndéanfadh sé ceann a ordú agus go dtiocfadh sé ar ais. Níor tháinig sé ar ais ó shin agus ní dhearna sé aon teagmháil léi. Chuaigh Ciara agus a fear céile ar ais go dtí an siopa chun an scéal a fhiosrú. Dúirt an cúntóir agus an bainisteoir sa siopa nach raibh aon fhreagracht orthu – ach gur ar an bhfear deisiúcháin a d’oibrigh don déantóir a bhí an fhreagracht – agus teagmháil a dhéanamh leis.

Níl Ciara sásta leis seo.

Déan rólghlacadh ar an gcomhrá idir Ciara (agus a fear céile) leis na daoine ag obair sa siopa.



Aonad 10 – Ceacht 8



Ceartha Tomhaltóirí

Rólghlacadh



Gearán Susan

Cheannaigh Susan tolg le déanaí i sladmhargadh a bhí ag miondíoltóir aitheanta. Cheap sí go raibh margadh iontach faighte aici, mar tugadh le fios go raibh an praghas laghdaithe ó €2000 go dtí €750. Leag an siopa an-bhéim ar an laghdú seo agus cheap Susan go raibh margadh den scoth faighte aici dá bharr. Ach tamall ina dhiaidh sin d'fhoghlaim sí gur cheannaigh a comharsa an tolg céanna ar €750 freisin. Chuir an t-eolas seo olc uirthi. Dúirt a comharsa nach raibh aon sladmhargadh i gceist agus gur cheap sí gurbh é €750 an gnáthphraghas. Anois, ceapann Susan gur bhuail an siopa bob uirthi. Cheannaigh sí an tolg mar cheap sí go raibh tolg ar luach €2000 á fháil aici ar phraghas a bhí laghdaithe go mór. Chuaigh sí féin agus a máthair, Stacey, go dtí an siopa chun gearán a dhéanamh ach shéan an cúntóir agus an bainisteoir go raibh aon rud mícheart déanta acu.

Níl Susan sásta leis seo.

Déan rólghlacadh ar an gcomhrá idir Susan (agus a máthair) leis na daoine ag obair sa siopa.

